

# BORD BAINISTÍOCHTA 2023-2027 GAELSCOIL THAOBH NA COILLE

# BUNBHEATHÁISNÉIS GEARR AR BHAILL AN BHOIRD

SHORT PERSONAL PROFILE OF BOARD MEMBERS

# IONADAITHE AN PHATRÚIN PATRONS' REPRESENTATIVES

#### Máire Mac Gabhann

Tá cónaí ar Mháire Mac Gabhann in Áth an Ghainimh. Tá triúr clainne aici Clíona 32, Ciarán 30, & Séadhna 28 a d'fhreastal ar Ghaelscoil Thaobh na Coille ó 1995 ar aghaidh. Ba iad Máire agus Lorcán Mac Gabhann a thosaigh feachtas thiar i 1994 le Gaelscoil a bhunú le freastal ar pháistí cheantair Áth an Ghainimh. Chuireadar coiste bunaithe le chéile agus tar éis go leoir cruinnithe agus an-chuid oibre d'oscail Gaelscoil Thaobh na Coille i gCumann Rugbaí De La Salle Palmerston i gCill Tiarnáin i Meán Fómhair 1995 le 20 dalta agus múinteoir amháin - Emer Nic Chonchradha. Bhí a hiníon Clíona i measc na ndaltaí a thosaigh sa scoil ar an lá bródúil sin. Chaith Máire blianta fada ar Chosite na dTuismitheoirí agus bhí sí lárnach i ngníomhaíochtaí uile na scoile agus a páistí ag freastal ar an scoil. Chaith Máire 35 bliana ag obair le Foras na Gaeilge. Roimhe sin d'oibrigh sí mar aeróstach in Amman agus Jordan agus d'oibrigh sí le Comhdháil Náisiúunta na Gaeilge & Gael Linn. Bhí an-dúil ag Máire sa Ghaeilge i gcónaí agus chaith sí blianta mar bhaill de Bhord Bainistíochta Choláiste Íosagáin fad is a bhí a hiníon Clíona ar scoil ann. Sé seo an dara théarma ag Máire mar Chathaoirleach ar Bhord Bhainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille.

Máire Mac Gabhann lives in Sandyford. Her three children Clíona 32, Ciarán 30, & Séadhna 28 attended Gaelscoil Thaobh na Coille from 1995 onwards. Máire and Lorcán Mac Gabhann started a campaign back in 1994 to establish a Gaelscoil in the Sandyford area. After many meetings and hours of hard work Gaelscoil Thaobh na Coille opened its doors in De La Salle Palmerston Rugby Club in Kilternan, in September 1995 with 20 pupils and one teacher – Emer Nic Chonchradha. Her daughter Clíona was amongst the pupils who started school on that momentous day. Máire spent many years as a member of Coiste na dTuismitheoirí and was involved in all Coiste and parent activities while her children attended the school. Máire spent 35 years working for Foras na Gaeilge. Prior to that she worked as an airhostess in Amman and Jordan as well as working for Comhdháil na Gaeilge and Gael Linn. Máire has always had a love of the Irish language and was a member of the Board of Management in Coláiste Íosagáin when her daughter attended the school. This will be Máire's second term as Cathaoirleach of Gaelscoil Thaobh na Coille's Board of Management.

## Turlach Ó Meachair

D'fhreastal Turlach ar Scoil Naithí i mBaile an tSaoir 'sna seachtóidí go luath taréis bunú na scoile sin. Ba é Turlach an chéad duine ina chlann le freastal ar Ghaelscoil agus lean sé ar aghaidh sa chóras Gaelscolaíochta tré fhreastal ar Choláiste Eoin sa mheánscoil. Tá an-spéis ag Turlach i gcúrsaí peile agus iomána agus thosaigh sé ag imirt peil agus iománaíocht le Cumann CLG Naomh Eoin i mBaile an tSaoir agus é deich mbliana d'aois nuair a bunaíodh an cumann sin. Is ball ghníomhach é de chumann CLG Nmh. Eoin ó shin agus chaith sé roinnt ama mar oifigigh Gaeilge ar an mbord. Chaith Turlach roinnt blianta ag obair le Park Developments agus roinnt eile i mbun tí agus ag tabhairt aire dá pháistí Cael, Aoibheann agus Saoirse. Tá sé fostaithe anois mar airíoch in Gaelscoil Shliabh Rua. Tá tréimhse go leath curtha isteach ag Turlach cheana féin ar Bhord Bainistíochta na Scoile.

Turlach attended Scoil Naithí, in Ballinteer in the seventies shortly after the school was founded. He was the first member of his family to attend a Gaelscoil and he continued his education through the medium of Irish when he attended secondary school in Coláiste Eoin. Turlach is passionate about football and hurling and he first started playing when he was ten years of age with St. Johns GAA Club, the year the club was founded. He is still an active member of the club and spent some years as the Irish officer on the club's Board. After college Turlach spent a couple of years working for Park Development and several years after that at home looking after his 3 children, Cael, Aoibheann and Saoirse. He is currently employed as caretaker in Gaelscoil Shliabh Rua. Turlach has been a member of the school's Board of Management since February 2017.

## AN PRÍOMHOIDE THE PRINCIPAL

#### Emer Nic Chonchradha: Príomhoide

Is as an gCarraig Dhubh d'Emer. Tógadh le Gaeilge í agus d'fhreastal sí ar Scoil Lorcáin i mBaile na Manach agus ar Choláiste Íosagáin i Stigh Lorgan. Bhí a tuismitheoirí an-ghafa i mbunú na scoileanna sin agus bhí a máthair ach go háirithe an-ghníomhach ar choistí tuismitheoirí agus bainistíochta na scoileanna sin. Bhí Emer gafa ar feadh na mblianta le cúrsaí samhraidh gaeltachta. Mhúin sí i nGaelscoil Chearbhaill Uí Dhálaigh i Léim an Bhradáin ar feadh naoi mbliana sular thosaigh sí mar phríomhoide i nGaelscoil Thaobh na Coille nuair a bunaíodh an scoil i 1995. Tá Emer thar a bheith bródúil as daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile as a bhfuil bainte amach ag an scoil ó bunaíodh í 28 bliana ó shin.

Emer was brought up through Irish in Blackrock. She attended Scoil Lorcáin in Monkstown and Coláiste Íosagáin in Stillorgan. Her parents were actively involved in setting up both schools and her mother, in particular was a very active member of the parents' committees in both schools. Emer worked for many years on Irish Language Courses in the Gaeltacht. She taught for nine years in Gaelscoil Chearbhaill Uí Dhálaigh in Leixlip before taking up the position of principal when Gaelscoil Thaobh na Coille opened its' doors in 1995. Emer is extremely proud of the pupils, parents and staff, past and present, who have contributed in so many different ways to making Gaelscoil Thaobh na Coille the wonderful and successful school that it is today.

# IONADAÍ NA MÚIINTEOIRÍ TEACHERS REPRESENTATIVE

# Maoilíosa Ó Dubhthaigh: Múinteoir

Is múinteoir é Maoilíosa ar fhoireann Ghaelscoil Thaobh na Coille. Tógadh é trí mheán na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. D'fhreastal sé ar Scoil Lorcáin, Baile na Manach agus ar Choláiste Eoin. Tá beirt mhac aige sa scoil agus tá iníon aige i gColáiste Íosagáin. Is iar-dhalta í de Ghaelscoil Thaobh na Coille. Chaith sé dosaen bliain mar Rúnaí Oinigh ar 'UCD Sport' agus is Iar-Chathaoirleach é ar Chumann na mBunscol freisin. Tá sé ag feidhmniú mar Oifigeach na Leanaí, Oifigeach Oiliúna agus Leas-Chathaoirleach ar Chub CLG Naomh Ólaf faoi láthair.

Maoilíosa is a member of the teaching staff here in Gaelscoil Thaobh na Coille. He was brought up through the median of Irish in Dublin. He is a past pupil of Scoil Lorcáin, Monkstown and Coláiste Eoin. His two sons are pupils of Gaelscoil Thaobh na Coille while his daughter attends Coláiste Íosagáin. She is a past pupil of Gaelscoil Thaobh na Coille. He spent a dozen years as Honorary Secretary of Sport in UCD and is a former Chairperson of Cumann na mBunscol. He is the current Club Children's Officer, Coaching Officer and Vice-Chairperson of Naomh Ólaf GAA Club.

# IONADAITHE NA DTUISMITHEOIRÍ PARENTS' REPRESENTATIVES

#### **Yvonne Mercer**

Tá beirt pháiste le Yvonne ag freastal ar Ghaelscoil Thaobh na Coille faoi láthair; Julieanne (R6A) agus Harry (R3B) agus is iar-scoláire de chuid na scoile a ndeirfiúr is sine Éabha. Is múinteoir cáilithe iar-bhunscoile í Yvonne a bhfuil taithí faighte aici ag obair i roinnt iar-bhunscoileanna éagsúla. Tá an-ghrá aici don teanga Gaeilge agus don chultúr Gaelach. Is as Baile Átha Cliath do Yvonne agus tá cónaí uirthi anois sa Chéim. Ba bhreá le Yvonne ciorcal comhrá a thosú chun deis a thabhairt do thuismitheoirí pé Gaeilge atá acu a úsáid agus a fheabhsú in ionad compordach áitiúil!

Yvonne's two children Julieanne (R6A) and Harry (R3B) attend Gaelscoil Thaobh na Coille and their older sister Éabha is a past pupil of the school. Yvonne is a qualified post-primary teacher has experience working in a number of post-primary schools. She loves both the Irish language and culture. Yvonne, originally from Dublin (living in Stepaside) is keen to start a ciorcail comhrá at a suitable local venue!

#### Kevin de Barra

Is as an Spidéal i gConamara do Kevin De Barra, ach tá sé ag cur faoi sa Chéim le píosa fada. Tá mac leis, Breandán, sna naíonáin shóisearacha (N1B). Tá spéis agus taithí ar leith aige sa rialachas, sa phleanáil teanga, agus sa ghaeloideachas. Chaith sé tréimhse roimhe seo ina bhall den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Is breá leis peil Ghaelach agus iománaíocht.

Kevin De Barra is from An Spidéal in the Conamara Gaeltacht, but has been living in Stepaside for some time. His son, Breandán, is in Junior Infants (N1B). He has experience in governance, language planning and Irish medium education. He is a former Board member of An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), the national council that focuses on the educational needs of Gaeltacht schools and Gaelscoileanna. He has a keen interest in Gaelic games.

## IONADAITHE ÓN BPOBAL REPRESENTATIVES FROM THE COMMUNITY

#### Daithí Mac Riobáird

D'fhreastail Daithí ar Scoil Lorcáin i mBaile na Manach 'sna 70í & 80í. Lean sé leis an gcóras Gaelscolaíochta tré fhreastail ar Choláiste Eoin sa mheánscoil. Mar iar-scoláire Choláiste Eoin agus mar bhaill de Chumann na dtuismaitheoirí thosaigh Daithí agus grúpa beag Lón Cairde Eoin/Iosagáin, lón bliantúil do thuismitheoiri agus iar-scoláirí, seans bualadh le chéile i gcomhluadar Gaelach le craic agus ceol.

Tá sé pósta le Nicola agus tá trúir pháiste acu, Ben Zoe agus Emilie. D'fhreastail an trúir acu ar Ghaelscoil Thaobh na Coille agus tá siad an-bródúil as a líofacht sa teanga. Tá an-spéis ag Daithí i gcursaí peile agus iomána agus tá sé mar bhall d'fhoireann traenála na gcailíní faoi 15 i CLG Naomh Ólaf. Nuair nach mbíonn sé gafa CLG Naomh Ólaf is breá leis a bheith ag imirt leadóige i mBaile na Manach, leis an gclub ina bhfuil sé mar bhaill de le breis is 40 bliain! Oibríonn sé sna seirbhísí airgeadais le breis is 25 bliain agus tá sé fostaithe le Zurich Life sa Charraig Dhubh.

Daithí attended Scoil Lorcáin in Monkstown in the 70s & 80s. He continued his education through Irish by attending Coláiste Eoin in secondary school. As a former student of Coláiste Eoin and as a member of the parents' association, Daithí and a small group of other parents started Lón Cairde Eoin/Iosagáin, an annual lunch for parents and former students of both schools - a chance to meet old friends, and enjoy each a bit of music and craic as Gaeilge.

He is married to Nicola and they have three children, Ben, Zoe and Emilie. The three of them attended Gaelscoil Thaobh na Coille and they are very proud of their fluency in the language. Daithí is very interested in football and hurling and is a member of the under 15 girls' training team in St. Ólaf's GAA. When he is not down in St. Ólaf's GAA he loves to play tennis in Monkstown, with the club where he has been a member for over 40 years! He has worked in financial services for

over 25 years and is employed by Zurich Life in Blackrock.

### Fióna Ní Chléirigh

Is iar-mhúinteoir de chuid na scoile í Fióna Ní Chléirigh (2003 -2017). Fuair sí a hoideachas féin tré mheán na Gaeilge. Tá clann de thriúr tógtha aici a tháinig tríd an gcóras gaelscolaíochta; Scoil Chualann agus Coláiste Eoin-Íosagáin. Le linn dá páistí freastal ar na scoileanna sin chaith sí féin tréimhse mar bhall de Choiste na dTuismitheoirí na scoile sin. Chaith sí na blianta ag obair i gceannas ar chúrsaí samhraidh gaeltachta. Le linn di a bheith ag múineadh i nGaelscoil Thaobh na Coille d'eagraigh sí ranganna Gaeilge istoíche do na tuismitheoirí. Nuair a d'imigh sí ar scor ón mhúinteoireacht iarradh uirthi dul i mbun ranganna a chur ar fáil do na hoibrithe i Citibank. Chabhraigh sí le club leabhar Gaeilge darbh ainm, 'Labhair Faoi Leabhair', a bhunú cúig bliana déag ó shin, a bhuaileann le chéile go míosúil. Canann sí le cór Gaeilge, 'As Béal a Chéile'.

Fióna Ní Chléirigh taught in Gaelscoil Thaobh na Coille from 2003 until her retirement in 2017. She herself was educated through Irish. She has three children, all educated in Gaelscoileanna- Scoil Chualann agus Coláiste Eoin-Íosagáin. While her children were attending those schools she was a member of the Parent's Committee. She also spent many years running Irish summer colleges. Whilst teaching in Gaelscoil Thaobh na Coille she ran Irish classes for parents in the evenings. When she retired from primary teaching, she was asked to provide Irish classes for workers in Citibank. She was a founding member of the Irish language book club- 'Labhair Faoi Leabhair', started 15 years ago, that meets monthly. She sings with the Irish choir 'As Béal a Chéile'.

4